




An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# JuniorCYCLE

for teachers



## Cnuaslá 2018/19

# Grafaic

Bain úsáid as an gcód MF chun dul díreach chuig [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Réasúnaíocht

Cuireann gach ábhar teicneolaíochta eispéiris dhifriúla ar fáil don scoláire a chuireann leis anoideachas a fhaigheann sé i réimse na teicneolaíochta. Mar thoradh air sin, ní bhaineann scoláire a ullmhú don fhoghlaim sna hábhair theicneolaíochta le teagasc i dtreo na teicneolaíochta amháin ach i dtreo na scileanna atá bunúsach do na hábhair theicneolaíochta agus is féidir a aistriú chuig réimsí eile foghlama. Scileanna lena spreagtar an scoláire chun fadhbanna a réiteach tríd an gcruthaitheacht, an nuálaíocht, an chumarsáid, an comhoibriú agus an fiosrú, scileanna a fhorbraítear i dtimpeallacht ghníomhach foghlama mar a bhfuil an scoláire in ann smaointe a fhorbairt go dtugtar chun críche iad.

Aithnítear an ghrafaic mar theanga bhunúsach na ndisciplíní teicneolaíochta agus is féidir í a úsáid thar réimse leathan ábhar, ar nós matamaitice, eolaíochta agus ealaíne. Úsáidfidh an scoláire meáin éagsúla chun a smaointe agus a dheartha a chur in iúl sa teanga ar leith seo. Ó thús deireadh an chúrsa, fiosróidh an scoláire an domhan geoiméadrach chun léirithuisint a fháil do thábhacht na grafaice sa domhan mórthimpeall air. Forbróidh sé scileanna cognaíocha agus praiticiúla ar nós cumarsáid ghrafach, amharcléiriú spásúil, réiteach fadhbanna cruthaitheach, inniúlachtaí dearaidh agus samhaltú, go fisiciúil agus trí dhearadh ríomhchuidithe a úsáid.

Forbróidh an scoláire a chruthaitheacht agus é ag fiosrú agus ag réiteach dúshlán dearaidh. I rith an phróisis réitigh fadhbanna, oibreoidh sé lena chomhscoláirí chun a smaointe a bheachtú ó choincheap teibí go dearadh deiridh, mionsonraithe, dréachtaithe. Tá teibiú agus réasúnú spásúil ríthábhachtach don phróiseas seo; cuireann grafaic go leor deiseanna ilghnéitheacha ar fáil don scoláire chun na scileanna ardleibhéil cognaíocha agus cruthaitheacha sin a fhorbairt igcomhthéacsanna spéisiúla.

Tá líníochtaí teicniúla cruinne riachtanach chun compháirteanna agus déantáin a dhearadh agus a dhéanamh. Caithfear faisnéis a chur in iúl go beacht nuair atá cáipéis fheidhmeach á hullmhú, agus sin é an t-idirdhealú idir líníocht theicniúil agus líníocht léiritheach na n-amharc-ealaíon. Teastaíonn pointeáilteacht mhór chun líníochtaí cruinne a tharraingt agus meon foighneach agus athléimneach. Déanfaidh an scoláire athbhreithniú agus machnamh ar a líníochtaí oibre gleanúnach, ag forbairt straitéisí feabhsaithe de réir mar a théann sé ar aghaidh.





# Measúnú i nGrafaic na sraithe sóisearaí

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid trí scitseáil

Tabharfaidh an Measúnú Rangbhunaithe seo deis don scoláire a chuid scileanna a fhorbairt le bheith inniúil ar chumarsáid trí scitseáil. Iarrfar ar an scoláire a smaointe a chur in iúl go grafach le teicnící scitseála 2T agus 3T mar fhreagra ar théama spreagthaigh roghnaithe.

Tríd an Measúnú Rangbhunaithe seo, forbróidh an scoláire a scileanna i modhanna agus meáin éifeachtacha scitseála a úsáid chun a fhís, a dhearadh agus a réiteach a chur in iúl go cruinn. Is deis é an Measúnú Rangbhunaithe seo chun meon fiosrach a cothú sa scoláire, ach ligean dó turgnaimh a dhéanamh, dul sa seans, é a spreagadh le deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.

Is féidir leis an scoláire a chuid oibre a chur in iúl trí mheáin chuí ar bith.

## Tionscadal

Ach na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích, tugann an scoláire faoi thionscadal mar chuid dá mheasúnú deireadh. Déantar an tionscadal tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanann an treoir don tionscadal a shonrú agus an tionscadal a mharcáil. Beidh trí thoradh le cur i gcrích ag an scoláire:

Toradh 1: Freagairt do théama a bhfuil obair Mheasúnú Rangbhunaithe 2 mar bhonn eolais faoi

Toradh 2: Líníochtaí ar a bhfuil toisí

Toradh 3: Samhaltú dearaidh ríomhchuidithe 3T



1<sup>ú</sup> Bliain

3<sup>ú</sup> Bliain

3<sup>ú</sup> Bliain

Ag obair le Torthaí Foghlama

2<sup>ú</sup> Bliain

3<sup>ú</sup> Bliain

## Ag obair le Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGrafaic sa tsraith shóisearach. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na trí bliana staidéir.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Scileanna cur i láthair grafacha

Díreoidh an Measúnú Rangbhunaithe seo ar chomh héifeachtach agus a chuireann an scoláire a thaighde i láthair go grafach. Beidh sé mar bhonn eolais do ghné mheasúnaithe an tionscadail (féach thíos). Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, déanfaidh an scoláire taighde agus iniúchadh ar an réimse ina bhfuil an tionscadal agus cuirfidh sé a chuid torthaí i láthair go grafach trí aon mheáin ghrafacha chuí. Cuireann sé sin ar a chumas na coincheapa dá thionscadal deiridh a fhorbairt i gcomhthéacs ón bhfíorshaol sula dtosaíonn sé ag obair ar an tionscadal. Is deis é an Measúnú Rangbhunaithe seo chun meon fiosrach a cothú sa scoláire, ach ligean dó turgnaimh a dhéanamh, é a spreagadh le deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.

Is féidir leis an scoláire a chuid oibre a chur in iúl trí mheáin chuí ar bith.

## An scrúdú deiridh

- Tabharfaidh an scoláire faoi scrúdú dhá uair an chloig ag deireadh an tríú bliain agus is scrúdú ar leibhéal comónta a bheidh ann.
- Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an scrúdú a ullmhú agus a mharcáil.



### Snáithe 1. Grafaic 2T

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgín, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirthiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.

### Snáithe 2: Grafaic 3T

Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic leis na coincheapa agus prionsabail bhunúsacha a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag earraí, córais samhaltaithe agus coinbhinsiúin ghrafacha 3T, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus úsáidfidh sé iad. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an snáithe seo chun inniúlacht an scoláire i samhlú agus léiriú amhairc a fhorbairt. Ba chóir gombeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, earraí a léiriú go cruinn i dtrí thoise agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna.

### Snáithe 3: Grafaic Fheidhmeach

Sa snáithe seo, tarraingeoidh an scoláire ar an eolas, ar na prionsabail agus ar na teicnící a forbraíodh trí na snáitheanna Grafaic 2T agus Grafaic 3T chun réitigh agus eolas a chruthú agus a chur in iúl go grafach. Ba chóir an scoláire a spreagadh lena thimpeallacht fhisiciúil a iniúchadh agus le prionsabail na Grafaice 2T agus na Grafaice 3T a chur i bhfeidhm chun réimse fadhbanna a réiteach. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire na modhanna is cuí a roghnú chun a réitigh a chur in iúl agus na fadhbanna sin a réiteach, idir mheáin ghrafacha a roghnú agus an mheicníocht chun iad a úsáid.

### Gné 1: Réasúnú spásúil

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil a amharcléiriú.

### Gné 2: Smaointeoireacht dearaidh


Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar Ghrafaic a úsáid chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Forbróidh an scoláire na scileanna cruthaitheacha agus nuálacha a theastaíonn chun a réitigh dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tionchar ag a fhoghlaim faoi na trí shnáithe air sin.

### GNÉ 3: CUMARSÁID

Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le cumarsáid a dhéanamh trí na meáin chúí chun faisnéis theicniúil a chur in iúl, agus chun smaointe agus réitigh ar fhadhbanna a dhearadh. Ba chóir béim a chur ar inniúlachtaí an scoláire a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh trí réimse meáin ghrafacha agus cinntí a dhéanamh faoi chomh cuí agus atá meáin shonracha i gcás chéimeanna sonracha an phróisis dearaidh.

### Gné 4: Prionsabail agus tógálacha geoiméadracha



Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a eolas ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú





## Fíoracha plánacha sa domhan thart orainn:

Is cruthanna cothroma déthoiseacha iad na fíoracha plánacha a bhíonn comhdhéanta de línte díreacha, cuair agus meascán den dá rud. Nuair a amharcaimid ar ghnáthrudáí, aithnímid fíoracha plánacha amhail ciorcail, triantáin agus cearnóga ag brath ar an líon taobhanna a bhíonn ag cruth. Déan na gníomhaíochtaí ar dheis



### Cruthanna a shainaithint

**Sainaithin** cá mhéad íomhá a bhfuil na cruthanna seo a leanas iontu.

Liostaigh airíonna geoiméadracha an chruitha sin.

**Ciorcal:** \_\_\_\_

Airíonna:



**Triantán:** \_\_\_\_

Airíonna:



**Cearnóg:** \_\_\_\_

Airíonna:



**Dronuilleog:** \_\_\_\_

Airíonna:



**Peinteagán:** \_\_\_\_

Airíonna:



**Heicseagán:** \_\_\_\_

Airíonna:



**Ochtagán:** \_\_\_\_


Airíonna:




Ag úsáid rianpháipéir sceitseáil imlíne gach crutha sa liosta thuas ag úsáid na n-íomhánna tugtha

### Líneteascáin agus uillinneacha a dhéoinnt\*

Aimsigh an **déoinnteoir ingearach** do gach ceann de na líneteascáin seo a leanas.





Aimsigh an **déoinnteoir uillinne** i ngach cás thíos




Tá dronuilleog agus triantán comhchosach le feiceáil thíos. Is imlínte iad sin d'ábhar chun eitleáin pháipéir a dhearadh agus a dhéanamh. Ag úsáid do threalamh líníochta, tarraing isteach línte an fhille a bheidh de dhíth leis na heitleáin a dhéanamh.

Scáthaigh nó dathaigh na heitleáin. Gearr amach na gréasa agus tástáil do chuid eitleán.!






I bhFíor 1 thíos tá lógó club cruicéid le feiceáil. Tá líníocht neamhchríochnaithe den lógó ann freisin, fíor 2. Aimsigh lár an stumpa atá ar iarraidh i bhfíor 2 trí lárphointe na líne ab a aimsiú. Léirítear gach tógáil go soiléir.



Fíor 1





a


Fíor 2

b


Taispeántar thíos sracphlean chun páirc sacair a líniú. Tá líníocht neamhiomlán den pháirc le feiceáil freisin. Tarraing isteach an líne lár páirce agus an ciorcal lár atá ar iarraidh. Caithfear gach tógáil a léiriú go soiléir.




Tá an dearadh le haghaidh seoil ar luamh le feiceáil i bhfíor 1. Tá sé bunaithe ar thriantán agus ciorcal. Tugtar inchorcal ar an gcorcal seo. Críochnaigh an líníocht i bhfíor 2. Caithfear gach tógáil a léiriú go soiléir.\*



Fíor 1



Fíor 2




Taispeántar thuas sracphlean de linn chiorclach ghairdín. Tá sé i gceist fuarán a chur i lár na linne. Aimsigh lár na linne. Caithfear gach tógáil a tógáil go soiléir.\*

\*Na scoláirí a bhíonn ag déanamh Matamaitice tiocfaidh siad ar na tógálacha seo ina gcuid ceachtanna agus moltar an trasnail sin a phlé le baill na roinne matamaitice i do scoil.

a

Tá sracphlean de gharraí le feiceáil thíos. Tá sé i gceist cosán siúil a leagan ó choirnéal A go coirnéal B. Caithfidh an cosán a bheith ar comhfhad ó imill an gharraí. Tarraing isteach lárline an chosáin seo. Caithfear gach tógáil a léiriú go soiléir.




b



## Dúshlán Tangram

Is puzzle seacht bpíosa é tangram a tháinig as an tSín. Is míreanna mearaí atá ann go bunúsach ata comhdhéanta de chruthanna geoiméadracha is féidir a ghearradh amach as cearnóg amháin mar a léirítear i bhfíor 1. Is iad na cruthanna atá ann cearnóg, 2 thriantán mhóra, 2 thriantán bheaga, triantán meánach agus rombóideach. Tá an triantán meánach, an cearnóg agus an rombóideach dhá uair níos mó ná na triantáin bheaga; ta achar na dtriantán mór ceithre huair níos mó ná achar na dtriantán beag.

Ag úsáid na léaráide i bhfíor 1 mar threoir, críochnaigh leagan amach an tangram i bhfíor 2.



Fíor 1

Aimsigh na nithe seo a


leanas:

- Trasnán Déroinnteoir
- Comhthreo Cothromán
- Ceartingear Uillinn 90°
- Uillinn 45° Comhchosach

Comhthreomharán


Cé mhéad triantán atá le

feiceáil?




Fíor 2

Ar pháis cáirta cearnógach 140mm tarraing amach an puzzle Tangram agus gearr amach go cúramach na píosaí mar a léirítear iad i bhfíor 3. Déan na cleachtaí an leathanach ag úsáid pháis an tangram. Cuireadh isteach imlíne na gcruthanna sna chéad chúpla cleachtadh le cuidiú leat.



Fíor 3

Déan na cleachtaí seo a leanas ag úsáid na bpíosaí tangram a ghearr tú amach. Tá an chéad cheann déanta duit.



Cruthaigh liosta d'airíonna geoiméadracha do gach ceann de na ceithre chruth thíos. An féidir leat gach cruth a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangram go léir. Úsáid do liosta le deimhniú go bhfuil na hairíonna cearta geoiméadracha ag na cruthanna a rinne tú.

Cruth	Dronuilleog	Comhthreomharán	Comhchosach Triantán	Traipéisiam
Airíonna geoiméadracha cruthanna ag úsáid sceitsí, siombailí nó téacs				



Grúpa	A	B	C	D
Réad 1	2VX X51	YVB BYG	WKP PXM	BL5 5YX
Réad 2	JYJ JM5	EX6 Q2M	92 <u>Q</u> EB <u>Q</u>	55M LPB
Réad 3	R64 DQ5	P4P 1G2	EXR 6XY	<u>Q</u> VX PVK
Réad 4	NVP YVM	P4P 1W8	MY8 8WM	1YQ <u>Q</u> QB

0 = Seasann sé sin don uimhir náid agus tagann sé aníos mar *0* i scáileán na n-aipeanna

**Gníomhaíocht 1** – Ag úsáid do ghairis, ciúbóideach cumaisc agus tábla na gcód; Sceitseáil na radhairc ortagrafacha de na réada sna boscaí dathchódaithe



Réad 1



Réad 2



Réad 3



Réad 4

**Gníomhaíocht 2** – Sceitseáil léiriú 3T de na réada ón ngníomhaíocht



**Gníomhaíocht 3** – Mar ghrúpa tóg mionsamhail 3T de read 1



Cód MF (mearfhreagartha) don Phadlet



## Forléargas ar Nascghníomhaíocht

I dtábla 1 thíos, tabhair breac-chuntas ar shamplaí ó cheardlann an lae inniu ina mbraitheann tú go raibh tú ag plé le nó go bhfaca tú samplaí ábhartha den fhoghlaim do na Ráitis Foghlama (RF) léirithe thíos. Leis na príomhscileanna don tsraith shóisearach, aibhsigh aon ghné laistigh de gach scil a mothaíonn tú go raibh tú ag plé léi i rith an lae.

TÁBLA 1: NAISC IDIR GRAFAIC NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA RÁITIS FOGLEAMA

### Ráitis Foghlama

#### An ráiteas

RF 15 Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama

RF 19 Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo

RF 20 Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha

RF 21 Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla

RF 23 Tógann an scoláire smaoinemh ar aghaidh ó cheapadh go réadú

RF 24 Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoinemh go comhoibriúch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticéil

#### Samplaí d'fhoghlaim ábhartha

Beidh an scoláire in ann tacú lena réitigh ar fhadhbanna geoiméadracha trí thagairt do choincheapa agus prionsabail chuí gheoiméadracha.

Déanfaidh an scoláire an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar a shaol féin, ar an tsocai agus ar an gcomhshaol a mheasú.


Cinnfidh an scoláire céard iad na teicneolaíochtaí is feiliúnaí atá ar fáil dó agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad chun na critéir a bhaineann le fadhb dearaidh a shásamh.

Forbróidh an scoláire léirithe 3T de réitigh ar fhadhbanna trí shamhaltú leis na meáin chuí.




Fiosróidh an scoláire as féin smaointe chun fadhb a réiteach agus forbróidh sé a réitigh trí úsáid a bhaint as na scileanna samhaltaithe cuí a d'fhorbair sé.

Roghnóidh an scoláire uirlisí cuí ó na meáin dhigiteacha chun taighde a dhéanamh ar smaointe dearaidh agus chun iad a fhiosrú agus a léiriú.


FÍOR 2: PRÍOMHSCILEANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ










Sceitseáil réad amháin 3T a théann go teann trí gach ceann de na 3 slótáin



Sceitseáil go tríthoiseach, réada a mbeadh an t-ingearchló agus an plean atá léirithe acu





Aois, céim agus réamhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh  
Cén fhoghlaim ar mhaith linn díriú uirthi?  
Na snáitheanna agus na gnéithe araon a fhiosrú agus torthaí foghlama á roghnú

Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú  
Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht  
Meabhraigh conas a dhéanfaid muid measúnú agus tuairisciú ar fhianaise ar fhoghlaim

Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.  
Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithi a fháil ar na torthaí foghlama.  
Cinntiú go mbionn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh

**AOIS agus CÉIM**

- \* An chéad Aonad foghlama don Ghrafaic
- \* G'luath i mí Mheán Fomhair

**REAMHFHOGLAIM**

- \* Feasacht ar chruthanna
- \* Cothrománach, Ingearach
- \* Cruthanna 2T agus 3T i matamataic na bunscoile
- \* Eoláin agus ceardaíocht

**FOCAS AR FHOGLAIM**

- \* Cruthanna rólta ina dtimpeall, siméadracht
- \* Sceitseáil saorlámhe
- \* Smacht ar peannluaidhe

**TORTHAÍ FOGHLAMA FEIDEARTHA**

SNAITHE 1	SNAITHE 2	SNAITHE 3
1.2, 1.4	2.5	3.7, 3.1
1.12, 1.9	2.12	3.4, 3.2
1.5, 1.10	2.11	3.9, 3.5
		3.12

**TORTHAÍ FOGHLAMA DON AONAD SEO**

- 1.2 Anailísigh - eobs ar charrsaí grafoice
- 1.10 Turg - aitheantas na gcruithanna geoméadracha
- 2.5 Forbairt - sceitseáil saorlámhe a úsáid
- 3.1 Aithin - Cruithanna 2T agus 3T
- 3.7 Úsáid - DRC (dearadh ríomhchuidithe)
- 3.9 Chur i bhfeidhm - léiriú chun Feabhsú

**BHRIATHRA GNÍMH PRÍOMHFHOGLAIM**

- cruthanna geoméadracha saor agus nádúrtha
- Polagán a choinbhéartú - príosmaí
- 3T → 2T
- Siméadracht agus cruth a shainiú
- cumas chun cumarsáid a dhéanamh le sceitsí saorlámhe

**MEASÚNÚ**


- \* Rianú polagán ar bhileog oibre
- \* Úsáid DRC
- \* Measúnú le "bandaí cinn" ar sceitseáil chun cumarsáid a dhéanamh

**EISPÉIRIS FOGHLAMA FEIDEARTHA EISPÉIRIS FOGHLAMA**

- \* Siúlóid le peann luaidhe
- \* Sceitseáil ar grafpháipéar
- \* Samhaltú DRC
- \* Gníomhaíocht le bandaí cinn ar chluiche sceitseála
- \* Cuordach cruthanna "treodóireacht"
- \* Aranú cruthanna
- \* Fiseán ar sceitseáil
- \* Líniacht dronbhacáit
- \* Póstaer cruthanna

**EOLACHT GO BHFUL STAD AG FOGHLAIM**

- \* Bandaí cinn' cluiche
- \* Breathnóireacht an mhúinteora
- \* Samhalt DRC



**MACHNAMH**

- \* Cuirteann scoláirí lena réomhfhoghlaim i ceardaíocht agus foghlaim 2T+3T mata bunscoile
- \* Beidh eagrúchán maith ranga de dhíth don chluiche "Bandaí Cinn"

- Siúlóid le peann luaidhe
- Rianú agus líniacht bhoird ar grafpháipéar
- Póstaer cruthanna don obair bhaile
- "Bandaí Cinn" agus bileog oibre
- Samhalt DRC

**MEASÚNÚ**

- \* Gníomhaíocht le bandaí cinn; scaráil sa chluiche
- \* Samhalt DRC
- \* breathnú ar bhileoga oibre le haiseolas






**Aois, céim agus samhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh**  
 Céin fhoghlaim ar mhaithe linn díriú uirthi?  
 Na snáitheanna agus na gnéithe araon a fhiosrú agus torthaí foghlama a roghnú

**Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú**  
 Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithnínt ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht  
 Meabhraigh conas a dhéanfaidh muid measúnú agus tuairiscíú ar fhianaise ar fhoghlaim

**Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.**  
 Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

**Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithi a fháil ar na torthaí foghlama.**  
 Cinntiú go mbíonn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh



**Aois & céim**

Méar fómhair na Chéad Bhliana

**Reamhfhoghlaim**

- Buscúlanna trealainn
- Cruithanna coitianta geiméadracha 2T
- Ciorcail agus triantáin

**Céin foghlaim ar mhaithe linn díriú uirthi?**

- \* Bunúsatacha geiméadracha
  - coircheap agus príonsabail bhunúsacha
- \* Réasúnaíocht/cumas Spásúil
  - Ionramháil buncruithanna 2T chun fadhbanna a réiteach

**Torthaí foghlama agus príomhfhoghlaim le díriú uirthi**

- (1-3) (3-10) a dhéanfaidh, a iniúchadh
  - Ag obair ó 3T go 2T chun réitigh a fháil ar fadhbanna geiméadracha
- (1-12) (1-6) a thógáil, chur i bhfeidhm
  - Tuiscint ar na príonsabail thuas a léiriú trí réitigh a thógáil de réir coimbhinsiún ghraefacha
  - Líniócht chláin a dhainiú
- (3-3) (1-1) a thaispeáint, a amharcléiriú.
  - Tuiscint spásúil a léiriú trí chruithanna comónta 2T a ionramháil
- (1-10) a thuiscint
  - Tuiscint a léiriú ar airíonna geiméadracha cruithanna 2T

**Measúin**

- Mionsamhail 3T a chur i bhfeidhm
- Réitigh 2T ar bileoga oibre

(1-3) (3-10)

- Samplaí/mionsamhlacha 3T a úsáid chun réitigh 2T a fháil.
- Eitléan páipear/páipear a fhilleadh chun cruithnais a fháil
- Réasúnaíocht taobh thiar den príonsabal/coircheap na línte agus uilleiríochtaí déanante
- Tearmaíocht

(1-12) (1-6) Bileoga le samplaí ón gcráttshaoth/cásanna ina mbíonn dúshláin geiméadracha

- na príonsabail a chur i bhfeidhm ó (1-3) & (3-10)
- (1-1) (3-3) (1-10)
  - Gníomhaíocht ar Tangram
  - Tógáil agus príonsabail óna bhfuil thuas chun cruithnais
  - Mionsamhail fhisiceach a chur i bhfeidhm ar na scoláirí le cásta
  - Bileog agus na dúshláin uirthi (difeiríl)
  - Airíonna na cruithanna 2T

(1-3) (3-10)

- obair beirte ar eitléan páipear
- An trealamh líniócht a úsáid chun coircheap príonsabal a chur i bhfeidhm

(1-6) (1-12)

- Bileoga oibre a chomhlánú
- Léiriú cruithnais ar réitigh

(1-1) (3-3) (1-10)

- Tangram a chur i bhfeidhm
- cruithanna a ionramháil
- Airíonna cruithanna 2T a liostáil agus mionsamhlacha doibh a chur i bhfeidhm trí phríonsabail Tangram a úsáid
- \* Úsáideann scoláirí eolas ó aonaid roimhe seo chun airíonna na cruithanna a liostáil
- \* obair beirte chun fadhbanna a réiteach agus anailís a dhéanamh



**Aois, céim agus samhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh**  
 Cén fhoghlaim ar mháith linn díriú uirthi?  
 Na snáitheanna agus na gnéithe arson a fhiosrú agus torthaí foghlama a roghnú

**Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú**  
 Priomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht  
 Meabhraigh conas a dhéanfaidh muid measúnú agus tuairiscí ar fhianaise ar fhoghlaim

**Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.**  
 Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

**Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithí a fháil ar na torthaí foghlama.**  
 Cinntiú go mbionn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh

**ACMHAINNÍ**

- MIONSAMHLACHA
- ORTAGRAFACHA
- ADHMAID
- PLANÁI DE
- MHIONSAMHLACHA
- TAGARThA
- PADLET
- MERCE CUBE
- VIEWER APP
- BILEOGA OIBRE(CA3)
- 'MERCE CUBE'

**Aois agus Céim**

SCOLÁIRÍ CHEÁD BHLIAIN TEARMA 2 EAM/FEA

**RÉAMHFHOGLAIM**

- SAMHALTÚ LE CÁRTA AGUS MAIGHNEID
- BUNEOAS AR CHRUTHANNA 2T AGUS 3T
- OBAIR CURThA I GCRÍCH AR LEIRITHE 3T
- ISÍMEADRACH 2 FIAR

**Fócas**

- COINBHINSIÚIN LE REÁDA 3T A ATHRÚ INA READA 2T
- RÉASÚNAÍOCHT AGUS LEIRSHAMLÚ SPÁSÚIL NA REÁD
- OBAIR GHRÚPA

**Fiosrú**

- ~~1.2~~ ~~1.9~~
- ~~2.2~~ ~~2.8~~
- 3.3 3.5

- 1.2 1.9
- 2.2 2.8
- 3.3 3.5


**1.2, 1.9**

- ANAILÍS A DHÉANAMH AR AN BHFIOR DO NA RÉITIGH 2T AGUS TEILGIN ORTAGRAFACHA IN ÚSÁID

- LEIRIÚ 3T A CHRUTHÚ TRÍ RÉITIGH 2T ATÁ TUGThA A ÚSÁID 2.2, 2.8

- SCILEANNA RÉASÚNAÍOCHT SPÁSÚIL A LEIRIÚ TRÍ MHIONSAMHAIL A CHRUTHÚ BUNAITHE AR RÉITEACH 2T. 2.2, 3.3

- ANAILÍS A DHÉANAMH AR GCUID OIBRE AGUS AR OBAIR DAINE EILE TRÍ CHOMPARÁID A DHÉANAMH LE RÉITIGH A THUGTAR. 3.5



**3.3, 1.9**

- PLÉ LEIS AN MÚINTEOIR AGUS MIONSAMHAIL A CHRUTHÚ DE PHLÁNAÍ TAGARThA.

- SCEITSÍ 2T A CHRUTHÚ AR GHRAFFHÁIPÉAR DE SHAMHLACHA FÍORA 1.2, 1.9 [RADHAIRC ORTAGRAFACHA]

- MIONSAMHAIL A CHRUTHÚ AGUS NA RADHAIRC ORTAGRAFACHA TUGThA 3.3

- LEIRITHE 3T A CHRUTHÚ AR RÉITIGH 2T A TUGThA 2.2, 2.8

- BREATHNÚ AGUS AISEOLAS AN MHÚINTEORA AR IDIRPHLÉ SCOLÁIRÍ SCEITSÍ AGUS IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ I RITH AN AMA. 3.5

**MODHEOLAÍOCHTAÍ**

- TEAGASC IOMLÁN RANGA
- EISEAMLÁIRIÚ AN MHÚINTEORA
- SCEITSÍ A CHRUTHÚ
- MIONSAMHLUITHE A DHÉANAMH
- FOGHLAIM FHIONNACHTANACH
- AISEANNA FISICEACHA A ÚSÁID
- GAIRIS A ÚSÁID

1. 3.3, 1.9 INTREOIR



2. 1.2 INTREOIR AR AN REALTACH BHEISITHE



3. 1.2, 2.8

OBAIR CHEGPA AGUS SCEITSEÁIL RADHAIRC ORTAGRAFACHA AGUS AN 'MERCE CUBE' IN ÚSÁID.

4. 3.5

CEARTÚ SWA GRÚPAI AGUS LUACHÁIL A DHÉANAMH TRÍ RÉITIGH A ÚSÁID.



5. 2.2, 2.8 NA LEATHANAIGH A MHALARTÚ AGUS FÍORACHA 3T A CHRUTHÚ AGUS RADHAIRC ORTAGRAFACHA IN ÚSÁID



6. 2.2, 3.3

MIONSAMHAIL A CHRUTHÚ AGUS NA RADHAIRC ORTAGRAFACHA TUGThA



**MACHNAGH**

- BAINFIODH NA SCOLÁIRÍ ÚSÁID AS SCÁTHÚ AGUS SCEITSEÁIL AR GHREILLEPHAIPÉAR AGUS NA FÍORACHA 3T (PICTIÚRThA) IN ÚSÁID Ó AOR.
- "INTREOIR A ATHRÚ GO AR" GO FOGHLAIM FHIONNACHTANACH LE LINN E A ATHDHÉANAMH.
- OBAIR GHRÚPA AG ANAILISIÚ AGUS AG CEARTÚ NA RÉITEACH 2T.





COMHTHÉACS AN DOMHAIN MHOIR

READÚ

CRUTHAITHEACHT

NUALAÍOCHT

FIOSRÚ

COMNOLEARIÚ

CUMARSÁID

I OTMPEALLACHT  
GNIOMHACH


GRAFAIC  
2T

GRAFAIC  
3T

COINCHEAP

GRAFAIC  
FREIOMMEACH

TEICNEOLAÍOCHT  
FREIOMMEACH  
TAVOALTOIREACHT  
MATA  
NA KAMMARE EOLAÍOCHT







Aois, céim agus  
samhfhoghlaim do scoláirí a  
chur san áireamh

Cén fhoghlaim ar mhaith  
linn díriú uirthi?

Na snáitheanna agus na  
gnéithe  
araon a fhiosrú agus torthaí  
foghlama á roghnú



Na torthaí foghlama do  
d'aonad foghlama a shainiú

Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint  
ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú  
le do smaointeoireacht

Meabhraigh conas a  
dhéanfaidh muid measúnú agus  
tuairisciú ar fhianaise ar fhoghlaim



Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a  
bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den  
fhoghlaim seo.

Conas a bheidh a fhios agam go  
bhfuil siad ag foghlaim



Ag úsáid chomhthéacs do  
sheomra ranga féin, cé na  
modheolaíochtaí agus na  
hacmhainní a chabhróidh le  
scoláirí taithí a fháil ar na  
torthaí foghlama.

Cinntiú go mbíonn an measúnú  
ag teacht leis na torthaí  
foghlama agus lena mbriathra  
gnímh



Notaí

Ar ais ar scoil cad iad na chéad  
chéimeanna eile.....

An rud nach mór dom a dhéanamh...

An rud a ba mhaith liom a dhéanamh...

Cád iad na straitéisí a thiocfadh liom a  
úsaid i mó sheomra ranga.....

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# JuniorCYCLE

for teachers

## Sonraí Teagmhála

### Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais

Mhuineacháin,

Cnoc an Chonnaidh,

Br. Ard Mhacha,

Co. Mhuineacháin.

[www.metc.ie](http://www.metc.ie)

### I gcomhair gach fiosrúcháin

### déan teagmháil le:

[info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)

Lean sinn ar Twitter:

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

[@JCt4ed](https://twitter.com/JCt4ed)



## Oifig an

### Stiúrthóra:

BOOLM,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan,

Co. Lú

## Príomhshuíomhanna

### Gréasáin:

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)

[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

[www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

